

IS É SEO AN ÁIT~

A gclároidh mé do mo chúrsa

Fáilte ar ais chuig do chúrsa léinn don bhliain acadúil 2019/20!

Tá do thaifead mac léinn in OE Gaillimh tugtha ar aghaidh anois go dtí an Bhliain Acadúil 2019/2020.

Ní mór do gach mac léinn clárú ar líne gach bliain. Beidh tú in ann clárú ar líne agus do chuid modúl a roghnú sa chás gur cuí ón 2 Meán Fómhair 2019 ach cliceáil anseo.

****Ní féidir** leat clárú roimh an dáta seo.

Tá sé tábhachtach go mbeidh tú cláraithe i gceart mar.

- Beidh cead agat áiseanna na hOllscoile (e.g. an Leabharlann, ríomhlanna etc.) a úsáid agus tú cláraithe go tráthúil agus i gceart mar mhac léinn san Ollscoil.
- Agus tú cláraithe i gceart do na modúil a bheidh á ndéanamh agat, gheobhaidh tú rochtain ar blackboard (má bhíonn sin in úsáid ag do Léachtóir) agus cinnteofar go mbeidh d'amchlár pearsanta scrúduithe cruinn.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi chlárú mar mhac léinn, téigh chuig Clárú Mac Léinn, OÉ Gaillimh

An dteastaíonn cúnaimh uait le Clárú?



Beidh tacaíocht chun [cabhrú](#) leat clárú ar fáil ón 14 Lúnasa go dtí an 27 Meán Fómhair ar an gcéad urlár d'Áras Uí Chathail.

reghelp@nuigalway.ie

www.nuigalway.ie/registration

NÁ DÉAN DEARMAD

1. Is fútsa atá sé a chinntiú go bhfuil na modúil a theastaíonn uait a dhéanamh i mbliana (modúil chlárúithe) agus na modúil a bhfuair tú pas anuraidh iontu (díolúintí) cruinn ar do thaifead mac léinn.
2. Ní fhéadfaidh tú aon mhodúl a rinne tú cheana agus a bhfuair tú pas ann a dhéanamh arís. Bí cinnte mar sin go bhfuil na modúil a bhfuair tú pas iontu le feiceáil agus go bhfuil díolúine luaite leo ar do thaifead nuair a chláraíonn tú.
3. Tá sé de cheart ag an Oifig Clárúcháin aon earráid nó easnamh i do thaifead (díolúintí san áireamh) a thagann chun solais le linn na Bliana Acadúla a nuashonrú nó a cheartú.
4. Is féidir do ráiteas clárúcháin a sheiceáil am ar bith ag www.nuigalway.ie/registration.

Má tá aon cheist agat maidir le do bhliain a athdhéanamh, téigh i dteagmháil le d'Oifig Choláiste chun do chuid roghanna a phlé leo.

Tábhachtach...



Rochtain agus Pasfhocail

Má tá dearmad déanta agat ar do phasfhocal, téigh chuig CASS agus cliceáil ar 'Forgot Password' ar thaobh na láimhe clé den scaileán. Má tá deacrachtaí i gcónaí agat, seol ríomhphost chuig servicedesk@nuigalway.ie



Táillí

Má bhíonn aon cheist agat faoi tháillí, seol ríomhphost chuig fees@nuigalway.ie



Clárú do Mhodúil

Mura ndéanfaidh tú do mhodúil a chlárú i gceart:

- Ní beidh aon rochtain agat ar blackboard
- Ní dhéanfar tú a sceidealú do scrúdú sa mhodúl sin
- Tabhair faoi deara nach bhféadfaidh tú aon mhodúl a shuigh tú roimhe seo agus a bhfuair tú pas ann a shuí arís. Is fútsa atá sé a chinntiú go bhfuil na sonraí uile a bhaineann le modúil chlárúithe agus le díolúintí cruinn.
- Má bhíonn aon cheist agat faoi roghnú modúil, téigh idteagmháil le do Choláiste féin.



Blackboard

Cinntigh go bhfuil do chuntas Blackboard ag meaitseáil go díreach na modúil atá cláraithe agat.

Tabhair faoi deara: Tógann sé 24 uair tar éis duit do mhodúil a roghnú sula mbeidh siad le feiceáil ar Blackboard. Má bhíonn aon cheist agat faoi Blackboard, seol ríomhphost chuig servicedesk@nuigalway.ie

Dátaí Tábhachtacha

2

Oslófar Clárú Ar Líne do Chúrsaí agus Modúil

Meán
Fómhair
19
Meán
Fómhair

Dúnfar Clárú do Chúrsaí

23
Meán
Fómhair

Dúnfar Clárú do Mhodúil

08
Eanáir

Oslófar Athrú Intinne / Clárú do Mhodúil

Ní bhaineann Modúil Roghnacha Sheimeastar 2 ach le cúrsaí ábhartha

31
Feabhra

Dúnfar Athrú Intinne / Clárú do Mhodúil

Ní bhaineann Modúil Roghnacha Sheimeastar 2 ach le cúrsaí ábhartha

Clarú

Urlár 1, Arás Uí Chathail
OÉ Gaillimh
reghelp@nuigalway.ie

